Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**10899/25**

**LIMITE**

**JAI 915**
**MIGR 235**
**COEST 521**
**RELEX 871**
**KZ 11**
***EP***

PUBLIC

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Casacstáine maidir le comhaontú um athligean isteach |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Casacstáine maidir le comhaontú um athligean isteach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 79(3), i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn comhaontú um athligean isteach a thabhairt i gcrích le Poblacht na Casacstáine ('an Comhaontú').

(2) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go mbeidh an Comhaontú ag teacht le dlí agus le beartais ábhartha an Aontais, lena n-áirítear na gealltanais atá tugtha ag an Aontas faoi chomhaontuithe ábhartha iltaobhacha eile.

(3) Ba cheart an t-ullmhúchán don chaibidlíocht a dhéanamh i bhfad roimh ré. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún an Chomhairle a chur ar an eolas, a luaithe is féidir, faoi sceideal measta na caibidlíochta agus faoi na saincheisteanna atá le caibidil, agus dul i gcomhairle leis an gComhairle i gcás inar gá. Ba cheart don Choimisiún toradh gach seisiúin chaibidlíochta a chur in iúl don Chomhairle chomh maith.

(4) Chun freagairt ar leasanna bheartas um athligean isteach an Aontais ar an gcaoi is fearr, ba cheart don údarú chun caibidlíochta a bheith teoranta ó thaobh ama de, agus an deis a bheith ann síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an Chinnidh seo. Sula rachaidh tréimhse bhailíochta an Chinnidh seo in éag, ba cheart don Chomhairle a mheas, ar bhonn moladh ón gCoimisiún, an chun leas an Aontais é leanúint den chaibidlíocht, agus an dul chun cinn atá déanta sa chaibidlíocht, chomh maith leis an gcaidreamh foriomlán idir an tAontas agus a Bhallstáit agus Poblacht na Casacstáine, á chur san áireamh. Is féidir síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an Chinnidh seo faoin nós imeachta céanna. An t-údarú sin atá teoranta ó thaobh ama agus lena ngabhann an deis síneadh a chur leis, ní sé le srian a chur leis an gcumhacht atá ag idirbheartaí an Aontais ina chaibidlíocht le Poblacht na Casacstáine.

PUBLIC

(5) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus Éireann i dtaca leis an Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug Éire fógra, le litir dar dáta an 16 Meitheamh 2025, gur mian léi bheith rannpháirteach i nglacadh agus i bhfeidhmiú an Chinnidh seo.

(6) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

1. Leis seo, údaraítear an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht na Casacstáine maidir le comhaontú um athligean isteach.

2. Déanfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

1. Déanfar an chaibidlíocht i gcomhairle leis an Meitheal um Lánpháirtiú, Imirce agus Díbirt, arb í an coiste speisialta arna ainmniú ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 218(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh í.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún go tráthrialta don choiste speisialta dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na céimeanna arna nglacadh de bhun an Chinnidh seo agus rachaidh sé i gcomhairle leis an gcoiste ar bhonn rialta.

3. Arna iarraidh sin don Chomhairle, tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle maidir le seoladh agus toradh na caibidlíochta.

PUBLIC

*Airteagal 3*

1. Beidh an Cinneadh seo bailí go ceann 5 bliana ón dáta a ghlacfar é.

2. Sé mhí roimh dheireadh na tréimhse dá dtagraítear i mír 1 ar a dhéanaí, féadfaidh an Coimisiún moladh a chur faoi bhráid na Comhairle chun síneadh a chur leis an tréimhse sin. Measfaidh an Chomhairle an cás ar bhonn an mholta sin agus féadfaidh sí a chinneadh síneadh a chur leis an tréimhse bhailíochta tar éis measúnú a dhéanamh ina gcuirfear san áireamh an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht, chomh maith leis an gcaidreamh foriomlán idir an tAontas agus a Bhallstáit agus Poblacht na Casacstáine.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC